

Gníomhaíocht a Dó
Déan do Mhachnamh: Bileog Oibre do Dhaltaí

Téigh i gcomhar le chéile le freagraí ar na ceithre thasc thíos a chomhaontú.



1. Liostaigh trí rud ar a laghad atá go maith sa saol.



2. Ainmnigh dhá ghrúpa daoine ar a laghad nach féidir leo leas a bhaint as na rudaí maithe sa saol.



3. Liostaigh dhá dhúshlán nó dhá fhadhb atá againn sa lá atá inniu ann.



4. Ainmnigh duine amháin agus grúpa amháin ar féidir leo cinntí nó bearta a dhéanamh a athróidh an saol chun feabhais.

Gníomhaíocht a Ceathair

Focail Inbhuanaithe: Bileog Acmhainne do Mhúinteoirí



Oibrígí le cheile chun na focail ar an mballa (thíos) a úsáid in abairtí nasctha.

daoine níos fearr

athrú maith

cúram

todhcha

fadtréimhse

inbhuanait

an domhan

athraithe ó

Ciallaíonn Forbairt Inbhuanaithe saol níos fearr do chách, saol:

- ina bhféadann gach duine a bheith beo i dtimpeallacht fholláin, shábháilte
- ina bhfuil go leor bia maith le hithe agus uisce glan le hól
- ina bhféadann gach páiste dul ar scoil
- ina bhféadann daoine gach áit cuidiú a fháil má tá siad breoite
- ina bhféadann daoine gach áit obair chuibhiúil a fháil ionas gur féidir leo airgead a shaothrú dá muintir
- ina bhfuil oideachas ag gach duine ionas go ndéanfaidh siad cúram don domhan agus áit níos fearr a dhéanamh de



Le go dtarlóidh sé sin, ní mór dúinn comhoibriú le chéile chun athruithe maithe, buana a dhéanamh.

Gníomhaíocht a Cúig


Spriocanna Domhanda (leagan dírithe ar pháistí): Bileog Acmhainne do



1. Deireadh a chur leis an mbochtaineacht
2. Deireadh a chur leis an ocra
3. A chinntiú gur féidir le gach duine saol sláintiúil a bheith acu
4. A chinntiú go mbíonn deis ag gach duine oideachas maith a bheith acu
5. A chinntiú go bhfaigheann mná agus cailíní na deiseanna céanna le fir agus buachaillí
6. A chinntiú go mbíonn teacht ag gach duine ar uisce glan agus leithris chuí
7. A chinntiú go mbíonn go leor teasa, solais agus cumhachta ag gach duine gan damáiste a dhéanamh don timpeallacht
8. Cabhrú le tíortha poist mhaithe a fhorbairt agus a chur ar fáil ar bhealach atá tairbheach do gach duine
9. Scoileanna, ospidéal agus bóithre a thógáil, agus gnólachtaí agus tionscail a chur chun cinn a dhéanann saol daoine níos fearr
10. A chinntiú go gcaitear go cothrom le gach duine, agus go gcaitheann tíortha lena chéile go cothrom
11. Pobail atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus sábháilte a dhéanamh de chathracha, áit ar féidir le daoine maireachtáil go maith iontu
12. A chinntiú nach gceannaímid an iomarca rudaí ionas nach ndéanfaimid acmhainní tearca an domhain a ídiú
13. Gníomhú anois chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide
14. Aire a thabhairt don bheatha atá inár n-aigéin agus inár bhfarraigí
15. Aire a thabhairt d'fhoraois, d'ainmhithe agus don domhan féin
16. Oibriú ar son na síochána agus an cheartais laistigh de thíortha agus eatarthu
17. Oibreoidh na tíortha as lámha a chéile mar chomhpháirtithe chun na Spriocanna Domhanda a bhaint amach agus an saol a dhéanamh níos fearr do gach duine

✓ Gníomhaíocht a Sé

Ciúb an tsaoil níos fearr: Bileog Oibre do Dhaltaí



Nuair a chríochnóidh tú ag scríobh/tarraingt ar do chearnóga, gearr amach do chiúb (feadh na línte soladacha) agus greamaigh (feadh na bhflapaí) do chiúb le chéile.

Cearnóg 1:

Scríobh 'Saol Níos Fearr' agus maisigh an chearnóg le dathanna na Sprice Domhanda

Cearnóg 2:

Tarraing lógó na Sprice Domhanda is mó a bhfuil spéis agat inti

Cearnóg 3:

Cén grúpa daoine agus/nó cén áit is mó a bhainfidh leas as an Sprioc seo nuair a bhainfear amach í?

Cearnóg 4:

Cé na daoine aonair nó na grúpaí is féidir cabhrú chun an Sprioc seo a bhaint amach?

Cearnóg 5:

Tarraing lógó na Sprice Domhanda nó na Spriocanna Domhanda atá nasctha leis an Sprioc is mó a bhfuil spéis agat inti

Cearnóg 6:

Úsáid an spás seo le scríobh nó le pictiúr a tharraingt faoi rud amháin ba mhaith leat a fháil amach nó a dhéanamh i dtaca leis na Spriocanna Domhanda.

